

An Bille um an Aonú Leasú is Fiche
ar an mBunreacht (Uimh. 3), 1999

Twenty-First Amendment of the
Constitution (No. 3) Bill, 1999

Mar a tionscnaíodh
As initiated



**TWENTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(No. 3) BILL, 1999**

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 40 of the Constitution.
2. Citation.

SCHEDULE

Part I

Part II



**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACTH (UIMH. 3), 1999**

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA nALT

Alt

1. Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid I

Cuid II



**TWENTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(NO. 3) BILL, 1999**

BILL

entitled

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION. 5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 40 of the Constitution: 10

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of
Article 40 of the
Constitution.

1.—Article 40 of the Constitution is hereby amended as follows:

- (a) the section the text of which is set out in *Part I* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after section 6 of the Irish text, 15
- (b) the section the text of which is set out in *Part II* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after section 6 of the English text.

Citation.

2.—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act 20 shall be called the Twenty-First Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-First Amendment of the Constitution Act, 1999.



AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS FICHE AR AN
mBUNREACTH (UIMH. 3), 1999

BILLE

dá ngairtear

5 ACHT CHUN AN BUNREACTH A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

10 AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 40 den Bhunreacht: Airteagal 40 den Bhunreacht a leasú.

15 (a) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid I* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh alt 6 den téacs Gaeilge,

(b) cuirfear an t-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid II* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo isteach i ndiaidh alt 6 den téacs Sacs-Bhéarla.

20 2.—(1) An tAonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar Lua. ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Aonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 1999, a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE

Part I

7. Á meabhrú dó caighdeáin idirnáisiúnta dlí, admhaíonn an Stát na cearta geilleagracha, comhdhaonnacha agus saíochta atá ag gach duine agus, go sonrach, admhaíonn sé: 5
- i. an ceart chun beatha a shaothrú agus chun coinníollacha réasúnta fostaíochta,
 - ii. an ceart chun leorchúraim sláinte, agus
 - iii. an ceart chun leorchaighdeáin maireachtála, ar a n-áirítear tithíocht agus cothú leordhóthanach agus modhanna eile atá riachtanach chun maireachtáil ar shlí dhíitiúil. 10
- Más féidir é, is cóir teachtadh na gceart sin a chur in áirithe, sa chéad ásc, trí iarrachtaí agus trí thionscnamh ag pearsana aonair agus teaghlaigh.
- I gcás nach mbíonn daoine nó a gcleithiúnaithe in ann aon cheann de na cearta sin a oibriú nó a theachtadh go leordhóthanach, ráthaíonn an Stát, sa mhéid gur féidir é, na cearta sin a chosaint agus a shuíomh lena dhlíthe, de réir bhunrialacha an chirt chomhdhaonnaigh. 15

Part II

20

7. The State, bearing in mind international legal standards, recognises the economic, social and cultural rights of all persons and, in particular, recognises:
- i. the right to earn a livelihood and to reasonable conditions of employment, 25
 - ii. the right to adequate health care, and
 - iii. the right to an adequate standard of living, comprising adequate housing and nutrition and other means necessary to a dignified existence.
- Where practicable, the enjoyment of these rights should in the first place be ensured by individual and family effort and initiative. 30
- Where persons or their dependants are unable adequately to exercise or enjoy any of these rights, the State guarantees, as far as practicable, by its laws to defend and vindicate these rights, in accordance with the principles of social justice. 35

AN SCEIDEAL

Cuid I

5 7. Á meabhrú dó caighdeáin idirnáisiúnta dlí, admhaíonn an Stát na cearta geilleagracha, comhdhaonnacha agus saíochta atá ag gach duine agus, go sonrach, admhaíonn sé:

- i. an ceart chun beatha a shaothrú agus chun coinníollacha réasúnta fostaíochta,
- ii. an ceart chun leorchúraim sláinte, agus
- 10 iii. an ceart chun leorchaighdeáin maireachtála, ar a n-áirítear tithíocht agus cothú leordhóthanach agus modhanna eile atá riachtanach chun maireachtáil ar shlí dhíniúil.

Más féidir é, is cóir teachtadh na gceart sin a chur in áirithe, sa chéad ásc, trí iarrachtaí agus trí thionscnamh ag pearsana aonair agus teaghlaigh.

15 I gcás nach mbíonn daoine nó a gcleithiúnaithe in ann aon cheann de na cearta sin a oibriú nó a theachtadh go leordhóthanach, ráthaíonn an Stát, sa mhéid gur féidir é, na cearta sin a chosaint agus a shuíomh lena dhlíthe, de réir bhunrialacha an chirt chomhdhaonnaigh.

20 Cuid II

7. The State, bearing in mind international legal standards, recognises the economic, social and cultural rights of all persons and, in particular, recognises:

- 25 i. the right to earn a livelihood and to reasonable conditions of employment,
- ii. the right to adequate health care, and
- iii. the right to an adequate standard of living, comprising adequate housing and nutrition and other means necessary to a dignified existence.

30 Where practicable, the enjoyment of these rights should in the first place be ensured by individual and family effort and initiative.

35 Where persons or their dependants are unable adequately to exercise or enjoy any of these rights, the State guarantees, as far as practicable, by its laws to defend and vindicate these rights, in accordance with the principles of social justice.